Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 21 Samhain 2017**
**(OR. en)**

**14658/17**

**AGRI 640**
**AGRIFIN 118**
**FIN 744**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/an Chomhairle |
| Ábhar: | Tuarascáil Speisialta Uimh 7/2017 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal "An ról nua atá ag comhlachtaí deimhniúcháin maidir le caiteachas an chomhbheartais talmhaíochta: céim dhearfach i dtreo samhail iniúchóireachta aonair cé go bhfuil laigí suntasacha ann nach mór dul i ngleic leo" <br> *-Conclúidí ón gComhairle (20 Samhain 2017)* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san iarscríbhinn a ghabhann leis seo na conclúidí ón gComhairle maidir le:

*Tuarascáil Speisialta Uimh 7/2017 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teidil "An ról nua atá ag comhlachtaí deimhniúcháin maidir le caiteachas an chomhbheartais talmhaíochta: céim dhearfach i dtreo samhail iniúchóireachta aonair cé go bhfuil laigí suntasacha ann nach mór dul i ngleic leo"*

a ghlac an Chomhairle ag an 3577ú cruinniú a bhí aici ar an 20 Samhain 2017.

# CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE

**maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 7/2017 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal**

**"*An ról nua atá ag comhlachtaí deimhniúcháin maidir le caiteachas an chomhbheartais talmhaíochta: céim dhearfach i dtreo samhail iniúchóireachta aonair cé go bhfuil laigí suntasacha ann nach mór dul i ngleic leo*"**

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

(1) IS DÍOL SÁSAIMH DI Tuarascáil Speisialta 07/2017 ón gCúirt Iniúchóirí, lena ndéantar scrúdú ar an gcreat a bunaíodh chun go mbeadh sé ar chumas comhlachtaí deimhniúcháin náisiúnta teacht ar a gcuid tuairimí i gcomhréir le rialacháin an Aontais agus le caighdeáin idirnáisiúnta iniúchóireachta;

(2) ATHDHEIMHNÍONN SÍ conclúidí na Comhairle an 13 Deireadh Fómhair 2014 maidir leis an tuarascáil speisialta ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa (CIE) maidir le 'Iontaofacht thorthaí na seiceálacha a dhéanann na Ballstáit ar chaiteachas talmhaíochta', go háirithe an gá le cost-éifeachtúlacht rialaithe agus iniúchóireachta trí chur chuige rioscabhunaithe, lena seachnaítear an t-ualach riaracháin atá ar na Ballstáit a mhéadú agus lena n-áirithítear treoirlínte soiléire ón gCoimisiún chun córais rialaithe leordhóthanacha a chur chun feidhme.[1]

(3) MEABHRAÍONN SÍ na conclúidí ón gComhairle an 15 Nollaig 2014 maidir leis 'an ráta earráide do chaiteachas talmhaíochta'[2] agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún ról iomchuí a thabhairt do ghníomhaireachtaí íocaíochta agus do chomhlachtaí deimhniúcháin na mBallstát chun an measúnú is cruinne a chur ar fáil maidir leis an leibhéal earráide i gcaiteachas an chomhbheartais talmhaíochta;

[1] 14553/14.
[2] 16798/14.

(4) LEAGANN SÍ BÉIM ar an tacaíocht a thugann an Chomhairle don "samhail iniúchóireachta aonair", arb é an bealach ceart chun dearbhú a fháil maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht an chaiteachais ar leibhéal an Aontais agus AITHNÍONN SÍ a thábhachtaí atá obair na gcomhlachtaí deimhniúcháin i ndáil leis sin ó thaobh cabhrú leis na Ballstáit a gcórais rialála a neartú agus chun costais iniúchóireachta agus rialála a laghdú chomh maith le dearbhú breise neamhspleách a chur ar fáil don Choimisiún maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht an chaiteachais;

(5) TUGANN SÍ DÁ hAIRE an tacaíocht a thugann an Choimisiúin don tsamhail iniúchóireachta aonair, mar a dheimhnítear sa togra uaidh le haghaidh Airteagal 123 den Rialachán nua Airgeadais[3] agus MEASANN SÍ go bhfuil an tsamhail sin ceadaithe cheana féin faoin gcreat dlíthiúil atá i bhfeidhm maidir le bainistiú agus rialú ar chaiteachas[4];

(6) TÁ IMNÍ UIRTHI I gCÓNAÍ go bhféadfadh na hoibleagáidí breise iniúchóireachta ar chomhlachtaí deimhniúcháin a tugadh isteach le Rialachán (AE) 1306/2013 an t-ualach oibre atá orthu a mhéadú, agus CUIREANN SÍ I dTREIS, mar sin, gur cheart leis na treoirlínte, ceanglais oibre a leagan síos go soiléir ionas gur féidir méadú ar an ualach riaracháin a sheachaint;

(7) IARRANN SÍ ar an gCoimisiún leanúint de ról iomlán a thabhairt do na Ballstáit agus treoirlínte á gcur i dtoll a chéile ina mbeidh soiléiriú agus treoir i dtaca leis an iniúchóireacht dheimhniúcháin atá le déanamh agus ról iomlán a thabhairt dóibh tráth a mbeidh leibhéal réasúnta á chinneadh i ndáil leis an dearbhú iniúchóireachta atá le baint amach sa tástáil iniúchóireachta chun go gcuirfear an tsamhail iniúchóireachta aonair chun feidhme ar an mbealach is fearr**,** agus aitheantas á thabhairt do chumas comhlachtaí deimhniúcháin a n-iniúchóireacht a dhéanamh de réir riosca agus ábharthachta;

(8) CUIREANN SÍ I bhFÁTH i ndáil leis sin, gur cheart gur leor an tsoiléireacht a chuirfí ar fáil sna treoirlínte ón gCoimisiún do chomhlachtaí deimhniúcháin faoin ról atá acu sa tsamhail iniúchóireachta aonair.

---

[3] 12187/16.
[4] Rialachán 1306/2013.